C/2024/4658

9.8.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Tionscal déantúsaíochta na ndrón: cás-stáidear ar thoradh na mbeartas éagsúil atá ar bun in earnáil straitéiseach chun feabhas a chur ar uathriail straitéiseach na hEorpa

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/4658)

Rapóirtéir: **Panagiotis GKOFAS**

Comhrapóirtéir: **Patrice François CHAZERAND**

Comhairleoirí	Dimitris BIMPAS (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III) Bastien MANCINI (thar ceann chomhrapóirtéir Chatagóir 1)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	15.5.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	30.5.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	588
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	197/0/4

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Ós úsáid dhífhásaigh atá á baint as na dróin i gcoinbhleachtaí na linne, is léir gur géar an gá atá le beartas tionsclaíoch aontaithe a fhorbairt a thuilleadh san Eoraip, beartas a mbeadh ionchorprú na nuálaíochta comhchoitinne ann, mar aon le comhpháirtíocht agus rialáil leordhóthanach sna príomhearnálacha tionsclaíocha, sin agus an gá atá le comhtháthú a dhéanamh d'aon ghnó agus le hiarrachtaí comhoibre idir na rialtais agus lucht an tionscail chun ceannaireacht dhomhanda an Aontais a áirithiú.

1.2. Ar mhaithe le neamhspleáchas criticiúil na hEorpa, ba ríthábhachtach go nascfaí Straitéis Eorpach na nDrón leis an Straitéis Eorpach maidir le Tionsclaíocht i réimse na Cosanta, sin agus go ndéanfaí bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) a chomhtháthú le chéile chun tacú le táirgeadh intíre na ndrón ardcháilíochta/toillte.

1.3. Tharla forbairtí le déanaí ar láthair an chatha (san Úcráin, sa Mheánoirthear), forbairtí a léiríonn gur féidir do na dróin ról láidir a bheith acu ach comhtháthú optamach struchtúrtha ar a gcuid comhpháirteanna, na bogearraí atá ag gabháil leo, sin agus na líonraí tacaíochta atá ann faoina gcomhair.

1.4. Tá an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) fós ag moladh go mbeadh comhar agus nuálaíocht ní b'fhearr ann, agus reachtaíocht a réiteodh an bealach, an Ionstraim um an Intleacht Shaorga agus an Ionstraim um Shliseanna, cuir i gcás, d'fhon an neamhspleáchas straitéiseach a fheabhsú agus an tslándáil náisiúnta agus an fás eacnamaíoch a neartú.

1.5. Is láidir atá CESE a chur i bhfios gur ag méadú feasta a bheidh an gá le comhleanúnachas idir an T&F míleata agus an T&F sibhialtach arae is mó den uathoibriú, den fhoghlaim le meaisín agus den intleacht shaorga (IS) a bheidh in úsáid leis na dróin a chur ag feidhmiú. Faoi mar is léir sa Tuarascáil Ghrúpa Cheannairí Drone, táthar ag iarraidh go mbeadh níos mó den nasc teicneolaíochta agus riaracháin ann idir na hearnálacha éagsúla gan dochar ná díobhail don bhuiséad a leithdháiltear don T&F i ngort na dteicneolaíochtaí sibhialta agus na dteicneolaíochtaí míleata araon. Conair seo an chomhchuibhithe is rud é a bhfuil CESE i bhfách leis, rud a d'fhéadfadh forbairt feidhmeanna dé-úsáide a chuíchóiriú, rud a chuirfeadh barr ar an éifeachtúlacht agus ar an gcomhoiriúnacht.

1.6. Is rud é Treochlár straitéiseach um Theicneolaíocht Dróin don Eoraip atá ríthábhachtach do theicneolaíochtaí criticiúla nd ndrón agus do chórais dé-úsáide na ndrón ar dócha dóibh cur chuige struchtúrtha a thabhairt i gceist le teicneolaíocht na ndrón a chur chun cinn.

1.7. Ba cheart aird mhór a thabhairt ar thacaíocht airgeadais d'infheistíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh i dtáirgeadh na ndrón agus ar shlabhraí soláthair agus slabhraí luacha a chomhtháthú. Tugann CESE dá aire thar gach ní eile gur rud é margadh na ndrón san Eoraip a bhfuil na FBManna luaite leis, fiontair atá ag tnúth leis an gcinnteacht is toradh ar sholáthar leanúnach de chonarthaí poiblí agus de scéimeanna maoinithe ar leith atá deartha le tacú le T&F. Breis solúbachta ar thaobh an bheartais iomaíochta den scéal, sin rud ba dhóigh ba chúnamh le scóip a chur leis an rochtain ar chláir cabhrach de chuid na Stát.

1.8. Chun cur chun feidhme Straitéis Drone 2.0 a chur chun cinn, moltar roinnt gníomhaíochtaí éagsúla.

— Mar sin féin, dá dheacra a chur chun feidhme, is í Rialachán an U-Space is bunchloch d'oibreoirí UAS. Tá géarghá le comhthuiscint ar na rialacháin nua sin.

— Ba cheart don Aontas páirt níos gníomhaí a ghlacadh san obair ar an leibhéal domhanda, go háirithe i ndáil leis na coinníollacha deimhniúcháin.

— Tá tábhacht as cuimse le glacadh na sochaí le hoibríochtaí nuálacha soghluaisteachta ar an aer: d'fhéadfadh tacaíocht ón Aontas borradh a chur faoi éiceachóras na heitlíochta ina iomláine, rud a chuirfidh le fás agus le hinbhuanaitheacht an éiceachórais sin.

1.9. Rud eile ba cheart a chur san áireamh i straitéis nithiúil an dul chun cinn agus na riachtanais atá ann le tamall i réimse na cosanta sibhialta, i réimse an tsoláthair cúraim sláinte, i réimse an tionchair ar an athrú aeráide agus i réimse an iomaíochais in earnálacha na talmhaíochta, an iompair agus na lóistíochta.

1.10. Tacaíonn CESE le tionscnaimh ar bith de chuid na ngeallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal réigiúnach atá ag díríú ar oiliúint agus oideachas le húsáid na ndrón a fhorbairt agus ar chultúr a chruthú ina mbaintear úsáid go freagrach sábháilte as na dróin gona seirbhísí éagsúla, rud a chuirfidh feabhas ar mhuinín agus ar fheasacht an phobail.

1.11. Ba cheart don Aontas a bheith ullamh freisin chun straitéis chomhdhlúite a chruthú le brat coiteann frithdhrón a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí iomadúla is toradh ar bhagairtí hibrideacha, ar ghníomhaíochtaí na sceimhlitheoireachta, ar ionsaí ó stáit eile, agus ar an mí-úsáid ar an leibhéal sibhialtach fiú.

2. **Cúlra na tuairime, lena n-áirítear an togra reachtach lena mbaineann**

2.1. Is féidir do na dróin taisteal os cionn na talún agus faoin bhfód, ar an uisce agus idir dhá uisce, ach is é an cineál atá i gceist sa tuairim seo a bheag nó a mhór meaisíní eitilte uile-aimsire, ilchuspóra, meaisíní ar chostas réasúnta íseal, iad gan foireann chun stiúrtha, dróin arb acmhainn dóibh faireachán a dhéanamh ar gach cineál líonra agus greille, chun an fheirmeoireacht bheacht a chumasú, chun an seachadadh baile a dhéanamh go tapa agus go cinnte ar iliomad láithreacha, chun oibríochtaí tarrthála a dhéanamh i dtimpeallachtaí anróiteacha etc. Is é plúr na teicneolaíochta a chuireann biseach orthu ar bhealaí éagsúla: an nascacht gan sreang ar bheagán moille, ábhair ilchodacha éadroma, innill leictreacha ardfheidhmíochta, rialuithe faoin tiomáint IS, etc.

2.2. Leis an Straitéis Eorpach maidir le Drone 2.0 na bliana 2022, is tosaíocht é éiceachóras drón atá sábháilte agus éifeachtúil a fhorbairt. Sa teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach i mí an Mheithimh 2023 maidir le straitéis slándála eacnamaíche i gcomhair na hEorpa ([1]), moladh go mbeadh comhchreat ann le haghaidh slándáil eacnamaíoch, rud a bheadh dírithe ar chumas tionsclaíoch an Aontais a fhorbairt, ar an iomaíochas a fheabhsú agus ar an neamhspleáchas eacnamaíoch a fheabhsú i réimsí criticiúla agus i réimsí straitéiseacha.

Ó 2019 i leith, is i gcomhréir le Rialacháin 2019/947 agus 2019/945 atá na dróin ag feidhmiú ar fud an Aontais. Agus tosaíocht á tabhairt don tsábháilteacht, glacadh trí cinn de rialacháin cur chun feidhme maidir leis an U-space in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar chóras bainistíochta aerthráchta le haghaidh na ndrón.

([1]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_23_3358.

2.3. Tugann CESE dá aire gur i réimse na cosanta atá na dróin á n-úsáid le 30 bliain anuas. Tá easpa san Eoraip ar thaobh acmhainní na ndrón míleata den scéal. Mar sin féin, tá aerárthaí saora ann, aerárthaí cóirithe gan foireann a mbíonn diúracáin chostasacha ar iompar acu, diúracáin a bhfuil nua gach teicneolaíochta iontu, rud atá ag tarlú san Úcráin agus sa Mheánoirthear, cuir i gcás. I straitéis thionsclaíoch chosanta na hEorpa, straitéis a glacadh i mí an Mhárta 2024, is éard a chuirtear i bhfollas gur gné phríomha inaitheanta de chuid ullmhacht an Aontais chun cosanta i gcás dianchoinbhleachtaí móra atá i bhforbairt na hacmhainneachta chun dlús mór agus toradh dá réir a chur le holltáirgeadh na drón. Ainneoin a dhiongbháilte atá an Coimisiún chun sineirgí a chothú idir an tionscal sibhialta, an tionscal cosanta agus tionscal an spáis, is minic is deacair dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an saincheart atá ag an náisiún. Mar sin féin, sin é an fachtóir ratha is tábhachtaí i dtaca le hiomaíochas éiceachóras na ndrón atá ag an Eoraip, sin agus leis na hacmhainní cosanta atá ag an Aontas. An méadú seo ar dhianchoinbhleachtaí móra, is rud é a fhágann nach bhfuil de rogha ag an Aontas feasta ach iarraidh ar fhórsaí armtha na mBallstát trealamh agus acmhainní cosanta ar ardchaighdeán a fháil ó sholáthróirí de chuid na hEorpa i gcomhréir le húsáid chuí an airgid phoiblí, trealamh agus acmhainní a bheadh costéifeachtach oiriúnach don timpeallacht straitéiseach nua. Sin riachtanas práinneach doshéanta chun tionscal cosanta inmharthana a chothú san Eoraip.

2.4. Mar gheall ar chost-éifeachtúlacht bhunúsach na ndrón, molann CESE go láidir go nglacfaí le hearnáil na ndrón mar chás píolótach le haghaidh tacaíocht phoiblí shaincheaptha. I láthair na huaire, ós amhlaidh nach bhfuil margadh mór a dhóthain ann, is san iasacht a bhíonn éiceachóras bríomhar na ngníomhaithe beaga ag aimsiú formhór na bpríomh-chomhpháirteanna, éiceachóras nuálach sofaisticiúil atá scaipthe ar fud na hEorpa. Ar a mhuin sin, tá dhá fhorbairt ann atá ag cur athrú ó bhonn ar dhéantúsaíocht na ndrón: de réir mar atá feabhas ag teacht ar an intleacht shaorga, tá feithiclí gan foireann á gcur in ionad feithiclí a mbíonn an duine á dtiomáint, agus de bharr rogha mhór arm a bheith ar an margadh feasta, tá córas na n-arm éifeachtach ag éirí níos saoire. Is mithid don Aontas cuidiú le tionscal na hEorpa teacht i dtír ar an dá thuile seo chun borradh a chur faoina gcuid iomaíochais go domhanda; idir shibhialta agus mhíleata, is í todhchaí na hEorpa atá idir dhá cheann na meá. Is maith an teist ar sholáthar comhpháirteach an Aontais a bheidh i gceist na ndrón, rud nár éirigh go rómhaith leis go nuige seo. Comhordú trasteorann a bheith ann agus gan locht gan easpa air, sin rud ba chúnamh le margadh na ndrón a chomhtháthú go hiomlán sa mhargadh aonair. Má tharlaíonn don sprioc sin a bheith ró-uaillmhianach, is éard a mholfadh CESE don Choimisiún, d'aon mheon le PESCO, comhghuaillíocht a chothú ar bhealaí éagsúla idir na páirtithe toilteanacha. B'fhéidir gurbh é 'aerbhus na ndrón' an toradh a bheadh ar a leithéid sin. Na dúshláin a bhí ann sna 70idí, is dúshláin iad a bhí chomh dosháraithe céanna, agus ainneoin sin agus eile is mór an inspioráid an toradh a bhí ar obair na linne sin. Iarrthóirí a chaitheann tarcaisne leis an éifeachtúlacht ghlas, le neodracht na haeráide, agus leis an urraim do dhlíthe saothair agus do luachanna an daonlathais, is iarrthóirí iad ba cheart a chur sa ghearradh díobh.

3. **Tuairimí ginearálta**

3.1. De bhrí an teannais mhóir gheopholaitiúil ar cholbha na hEorpa, is ag dul i méid agus i ngéire atá an éiginnteacht. Ós amhlaidh atá, is rómhithid aird a thabhairt athuair ar na spleáchais chriticiúla eacnamaíocha agus pholaitiúla, sin agus ar na tosaíochtaí beartais ar leibhéal an Aontais.

3.2. Sna tuairimí a d'eisigh CESE le déanaí ([2]), bhí fócas ar an ngá atá le tionscnaimh a fhorbairt le huathriail straitéiseach a shaothrú, le bonneagar criticiúil a áirithiú, agus san am céanna le feabhas a chur ar an iomaíochas in earnáil na tionsclaíochta, go háirithe i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha agus spáis, mar aon le tuairimí eile ([3]) ina bhfuil béim ar an tábhacht atá le déshineirgí idir na hearnálacha sibhialta, míleata agus digiteacha. Dá réir sin, tugadh aghaidh ar an gcaoi ar féidir cuspóirí éagsúla a aimsiú, mar atá an uathriail straitéiseach, an inbhuanaitheacht, an cheannasacht agus an neamhspleáchas criticiúil. Faoi mar a dúirt an scoláire Paul Timmers le déanaí i bhfoilseachán dá chuid ([4]), 'is éard atá i gceist le neamhspleáchas straitéiseach na cumais, na hacmhainní, agus an smacht is gá chun cinneadh a dhéanamh agus gníomhú i leith gnéithe riachtanacha den gheilleagar, den tsochaí agus den daonlathas. Is é dúshlán atá ann ceapadh na mbeartas a chur in oiriúint do réaltacht na geopholaitíochta agus na teicneolaíochta'.

3.3. Measann CESE gur táirgí dé-úsáide iad na dróin. Aithníonn an Coimisiún Eorpach gur cheart dóibh, dá bhrí sin, rannchuidiú ní hamháin leis na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste (SSMS), ach freisin le cuspóirí *an Phlean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis* a glacadh i mí Feabhra 2020, agus lena n-áirítear tionscadal suaitheanta de chuid an Aontais maidir le teicneolaíochtaí na ndrón. Tacaíonn CESE le tiomantas an Choimisiúin féachaint chuige go ndéanfar sineirgí i dtionscal na cosanta sibhialta a shainaithint agus a shaothrú go córasach. Cuirfidh siad feabhas ar iomaíochas thionscal na hEorpa, agus neartóidh siad neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa, óir is deis iad do na Ballstáit dul i dtuilleamaí theicneolaíocht iomaíoch na ndrón ar de thionscnamh na hEorpa iad'.

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch' (JOIN(2023) 20 final) (IO C, C/2024/2489, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/2489/oj?locale=ga#).

([3]) IO C 374, 16.9.2021, lch. 66.

([4]) https://link.springer.com/chapter/10.1007/978-3-031-45304-5_36.

3.4. Nuair atá dearadh na ndrón á dhéanamh, ba cheart a thuiscint go bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun míbhearta gan údar a dhíspreagadh nó a fhreagairt, ina measc sin ionsaithe sceimhlitheoireachta, cuir gcás, nó airm bhitheolaíocha, sin agus an foréigean aonair nó an foréigean grúpa.

3.5. Ina theannta sin, tacaíonn CESE le cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh chun an creat rialála maidir le húsáid nd ndrón a choigeartú, agus sin a bheith bunaithe ar an bprionsabal 'tús áite don tsábháilteacht'. Dá bhrí sin, ní mór feachtais múscailte feasachta a dhíriú ar údaráis agus pobail áitiúla agus réigiúnacha chun iad a chur ar an eolas faoi na tairbhí a bhaineann le húsáid na ndrón agus chun muinín an phobail as teicneolaíochtaí digiteacha a fheabhsú.

3.6. Tá dealú bunúsach déanta idir an bainistiú sa réimse poiblí ar úsáid na ndrón agus coincheapadh na húsáide sin: an rialáil éadrom atá dírithe ar chúrsaí sábháilteachta san iompar sibhialtach agus san úsáid i réimse na fóillíochta; rialacha casta agus teicneolaíochtaí atá teoranta do réimse na bhfeidhmeanna míleata. Tháinig an cogadh san Úcráin aniar aduaidh ar an Eoraip, agus is díol práinne dúinn feasta feabhas a chur ar na barainneachtaí scála agus ar na déshineirgí d'fhonn ár gcuid cosanta a neartú. Feabhas a chur ar an gcomhordú laistigh den Choimisiún Eorpach féin: ag sin an chéad mhaith is mithid a dhéanamh.

3.7. Baineann an scála le táirgeadh áitiúil iomaíoch gach uile ghné de na dróin, agus dá bhrí sin tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí agus beartais go pras i leith tháirgeadh na ndrón agus líon leormhór de na deighiltí amha agus de na leathsheoltóirí, de na slis-seiteanna agus na mótair a choimeád le haghaidh chóimeáil na ndrón; glacfaidh na codanna dúchasacha sin ionad na gcodanna iompórtálta agus laghdóidh siad an spleáchas criticiúil ar na hamhábhair. Cé gur cheart don Aontas tacú ar bhonn níos ginearálta le hiarrachtaí na mBallstát an chuid is mó dá mbuiséad a chaitheamh chun trealamh agus córais a fháil ó sholáthróirí Eorpacha, braitheann sláinte thionscal na ndrón san Eoraip go díreach ar cé chomh láidir agus uathrialaitheach a bheidh na teicneolaíochtaí cumasúcháin (idir mhótair leictreacha, ábhair chomhchodacha nó IS, agus eile).

3.8. Na hacmhainní míleata a fheabhsú: mura bhfuil 'acmhainní na ndrón míleata atá ag an Eoraip chomh forbartha fós le réigiúin eile ar domhan, agus má aithnítear go forleathan go bhféadfadh na dróin mhíleata rannchuidiú go forleathan le huathriail straitéiseach na hEorpa amach anseo', ba cheart níos mó dul chun cinn a dhéanamh agus faireachán cúramach a dhéanamh ar dhearadh, ar tháirgeadh agus ar úsáid na teicneolaíochta drón san earnáil mhíleata.

3.9. Mar gheall ar ilroinnt ár gcuid margaí baile, is lasmuigh den Eoraip a thairgítear formhór na gcodanna leictreonaice atá leabaithe sna dróin. Faoi láthair, ceannaíonn cuideachtaí Eorpacha na comhpháirteanna ó dhíoltóirí atá dall ar an áit ina dtionscnaítear na táirgí leictreonaice sin. I ndáil leis an méid sin, is mór ag CESE an friotal neamhbhalbh a d'úsáid an Coimisiún i dTeachtaireacht an 24 Eanáir 2024 maidir le *Slándáil na hEorpa a chur chun cinn*: *réamheolas ar chúig Thionscnamh Nua*, foláireamh faoi ghníomhaíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh cur isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais gona Bhallstáit nó spleáchais eacnamaíocha a armú ar shlí eile sa chaidreamh leis an Aontas.

3.10. Tacaíonn CESE leis an mbéim atá ag an gCoimisiún ar chaighdeáin agus ar an idir-inoibritheacht: is fiú tacú le gníomhaíocht shuaitheanta 15 (próiseas il-gheallsealbhóirí chun 'ceanglais deimhniúcháin a ailíniú le haghaidh feidhmeanna sibhialta agus míleata i dtreo na bhfeidhmchlár atá leagtha síos ag EASA agus sainiúlachtaí míleata agus caighdeáin deimhniúcháin mhíleata atá ann á gcur san áireamh) agus le gníomhaíocht shuaitheanta 16 ('cásanna caighdeánacha nua le haghaidh oibríochtaí sibhialta a d'fhéadfadh cásanna comhfhreagracha úsáide míleata a éascú').

3.11. Tá CESE ar aon fhocal leis an gCoimisiún go bhféadfadh dróin úrscothacha a bhfuil ceanglais chibearshlándála níos airde acu, go háirithe sna catagóirí oibríochtaí 'oscailte' agus 'sonracha', buntáiste iomaíoch a thabhairt do thionscal an Aontais.

3.12. Más í an éifeachtúlacht eacnamaíoch ghlas atá i ndán, caithfidh an duine agus an aerloingseoireacht chostasach (héileacaptair nó aerárthaí) géilleadh do malairt seifte de réir a chéile chun freagairt do na géarchéimeanna práinneacha. Ar bhonn is ginearálta ná sin, idir fhaireachán rialta ar na bonneagair chriticiúla, cóir leighis nó beartáin a sheachadadh, forfheidhmiú an dlí agus an t-ord poiblí, is rud riachtanach na dróin chun aistriú glas tapa sláintiúil a tabhairt i gcrích.

3.13. Ach T&F comhordaithe a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí digiteacha agus i dtionscail an spáis agus na ndrón, cothófar uirlisí nua ar dócha dóibh méadú go heaspónantúil (faoi 2030, de réir Drone Industry Insights ([5]), meastar go rachaidh an margadh le haghaidh na ndrón thar EUR 50 billiún) agus feabhsófar ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa ar choinníoll go ndíspreagfar sceitheadh eolais faoi chúrsaí teicneolaíochta chuig gníomhaithe nach den Aontas iad le rialacháin a chuirfear chun feidhme go docht.

([5]) Tuarascáil 2023-2030 maidir le Margadh Domhanda na nDrón, https://droneii.com/product/drone-market-report.

3.14. Ós amhlaidh a mheasann an tAontas gur ábhar ceannasachta nó neamhspleáchais straitéisigh é táirgeadh na ndrón go háitiúil, molann CESE, sa bhreis ar an soláthar comhpháirteach a shonraítear i bpointe 3.5, fóirdheontais a chur ar fáil do mhonaróirí an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh earraí ardteicneolaíochta atá réasúnta íseal, na mótair leictreacha agus an fhorbairt trasteorann, mar shampla. Go deimhin, is é an t-uas-scálú an t-aon bhealach don táirgeoirí áitiúil dul in iomaíocht le tríú tíortha, agus dá bhrí sin is é an t-aon réiteach amháin é d'airm na hEorpa soláthar a dhéanamh go háitiúil ar fud shlabhra luacha na ndrón ina iomláine.

3.15. Is iomaí sin táirge a bhíonn monaróirí na ndrón a dhéanamh, ina measc sin bréagáin éadroma agus eitleáin mhór bhuamála 10 dtona. Fágann sé sin nach gan dúshlán is féidir aicmiú a dhéanamh orthu: mar sin féin, tá CESE ar son an chur chuige atá glactha ag an gCoimisiún, cur chuige atá dírithe ar an oibríocht.

3.16. Tacaíonn CESE go hiomlán le gníomhaíocht shuaitheanta 9 maidir le rún an Choimisiúin leanúint ag cistiú T&N i réimse ndrón agus iad a chomhtháthú san aerspás faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gCiste Eorpach Forbraíochta. Rud is sonraí ná sin, b'fhiú tacú le gníomhaíochtaí suaitheanta 10 agus 11 faoi leasú féideartha ar an gcreat maoinithe/cistiúcháin atá ann faoi láthair.

3.17. Ba ríthábhachtach scéimeanna maoinithe éagsúla a shlógadh chun leas a bhaint as an bhforluí idir feidhmchláir ardteicneolaíochta agus ceannach na n-amhábhar criticiúil ionas go bhféadfaí earraí nuálacha a tháirgeadh agus gnáthmhodhanna misin aeir agus iompair (misin foireannaithe, héileacaptair) a ionadú le dróin agus le misin gan foireann. Dá réir sin, ba cheart beart roghanna agus sásraí a bheith ar fáil ó chistí caighdeánaithe, Next Generation EU agus Cistí Náisiúnta Athléimneachta agus Téarnaimh, sin nó trí bhíthin ionstraimí airgeadais saincheaptha de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta nó trí bhíthin tionscadail de chuid an Aontais.

3.18. Aithníonn CESE nár mhór ceangal a bheith ag forbairt monaraíochta na ndrón agus úsáid fhorleathan na ndrón le hathchóiriú na gcuraclam oiliúna agus oideachais. D'fhéadfadh cúrsaí faoi ábhair ar leith (tiomáint na ngluaisteán, mar shampla, nó loingseoireacht na soithí a bhíonn ag iompar earraí ar an uisce) a bheith ríthábhachtach chun na bearnaí san eolas go haitiúil a laghdú, lena n-áirítear gairmithe (oifigigh phoist, úsáideoirí iompair, etc.), saoránaigh, fostaithe, oifigigh rialtais agus fiú na fórsaí míleata.

3.19. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chultúr a fhorbairt ina mbainfí úsáid go freagrach sábháilte as na dróin gona seirbhísí éagsúla, cultúr a mbeadh tábhacht ann le muinín an phobail, faoi mar a leagtar amach i nGníomhaíocht Suaitheanta 4, rud a cheadódh an úsáid ab fhearr ab fhéidir a bhaint as na dróin de réir na timpeallachta a bheadh i gceist. Ba cheart cead a thabhairt d'údaráis áitiúla nó neamhspleácha an creat a choigeartú i gcomhair na húsáide i limistéir, i bhforaoisí agus ar lochanna atá faoi chosaint, sin agus i gcomhair spriocanna íogaire etc. Ba cheart na cleachtais is fearr i gcás modhanna eile den chineál céanna a fhiosrú chun rioscaí áirithe mí-úsáide a laghdú, sciataí nó rothair, cuir i gcás, sin agus scútair leictreacha.

Earnáil an iompair agus earnáil na lóistíochta

3.20. Beidh tacaíocht de dhíth ar fhostaithe agus ar ghnólachtaí beaga chun deileáil leis an drochthionchar atá ag an aistriú chuig iompar agus seachadadh uathoibrithe etc. Áit a bhfuil forluí criticiúil i gceist, beidh sé d'acmhainn ag tionscal na ndrón íoc as an samhaltú ar scála an tionscail aeraspáis, sin agus íoca as tástáil iarbhír ar fhréamhshamhlacha agus ar theicneolaíochtaí nua. Ar an dul sin, is amhlaidh a chuirfí deireadh le rioscaí arb é an duine is ciontach leo, rud a laghdódh costais na dturgnamh chomh maith.

An tsláinte a chosaint

3.21. Ba cheart beartas infheistíochta in ábhair ar leith a cheapadh chun cistiú agus lucht déanta na ndrón a mhealladh chun uirlisí a fhorbairt a d'éascódh an teile-dhiagnóisiú agus iompar na n-ábhar leighis agus tástálacha leighis go dtí ceantair thuaithe, thar lear agus i gcéin.

Cosaint chomhshaoil/shibhialta

3.22. Ba ríthábhachtach baint a bheith ag AS ECHO le táirgí drón saincheaptha a chruthú chun tubaistí nádúrtha a chosc agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu. Is éard a bheidh i gceist leis sin uirlisí coiteanna agus próisis chomhchuibhithe do na Ballstáit i réimse chosaint an chomhshaoil agus an dúlra (e.g. truailliú an uisce, truailliú an chiúnais, truailliú an aeir, truaillí de dheasca na drámhaíle) agus i réimse na cosanta sibhialta agus chosaint na n-ainmhithe.

3.23. Caithfidh forbairt mhargadh na ndrón a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú Glas agus le tosaíochtaí an gheilleagair chiorclaigh faoi mar a leagtar amach iad i reachtaíocht agus i mbeartais na hEorpa.

Freagracht shóisialta/RGCS

3.24. Aithníonn CESE gur feabhas ar mhuinín na saoránach as na teicneolaíochtaí digiteacha is toradh i dtólamh ar rialacha agus treoirlínte soiléire maidir le cearta an duine agus cosaint an phríobháideachais. I ndáil leis sin, is maith an tús an cód iompair maidir le heitilt na ndrón sin agus na físeáin oiliúna atá ag EASA ([6]). B'fhiú comhpháirtithe san idirphlé sóisialta agus sa tsochaí shibhialta a thabhairt faoi scáth na hoibre le tuilleadh a chur léi.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Níor cheart go bhféachfadh an straitéis Eorpach maidir le beartas na ndrón ar thionscal na ndrón mar shaincheart eisiach saineolaithe ardteicneolaíochta ná míleata. Tá na dróin ag éalú aniar aduaidh orainn go ciúin cheana féin i réimsí sibhialtacha 'dofheicthe' éagsúla. Ina measc sin tá seirbhísí poist, saothair phoiblí, modhanna seachadta, na healaíona agus an scannánaíocht. Tugann siad léargas nua dúinn ar an dúlra, ar an bhforbairt uirbeach agus ar fhorbairt na tuaithe, sin agus ar ár n-oidhreacht stairiúil agus chultúrtha.

4.2. Ach oiread leis an gCoimisiún, is éard is dóigh le CESE ([7]) gur rud é éiceachóras na ndrón a mbeidh poist ar fáil dá bharr, rud a mbeidh saineolas teicneolaíoch na hEorpa á chur chun cinn agus á chosaint dá bharr, rud a mbeidh deiseanna fáis ann dá bharr do gheilleagar an Aontais ina iomláine, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear FBManna nua, fás agus borradh a chur fúthu féin mar cheannairí domhanda.

4.3. Ba cheart breis tairbhe a bheith ag earnáil na talmhaíochta ar theicneolaíochtaí nua na ndrón chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chúrsaí na haimsire, ar an ngealladh atá faoin bhfómhar, ar mheastacháin ar dhamáiste agus ar úsáid an uisce, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a cuid táirgiúlachta.

4.4. Ba cheart oibrithe agus eolaithe ardoilte a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhpháirteacha T&F i monarú na ndrón, oibrithe agus eolaithe ban go mór mór, agus ba cheart a n-oiliúint sa mhargú ar bhealach a bheadh freagrach go sóisialta. Ba cheart do dheontais an Aontais tacú le T&F institiúidí forbartha sna ollscoileanna teicniúla atá dírithe ar an T&F, agus ba cheart dóibh tacú dá réir le cuideachtaí de chuid an Aontais atá dírithe ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí gaolmhara i bpáirt le hinstitiúidí nó ollscoileanna T&F lasmuigh den Aontas, más le comhoibriú leis an saol acadúil é nó dá uireasa.

4.5. Is éard is dóigh le CESE freisin gur cheart seirbhísí na ndrón a chur chun cinn ar bhonn na cuimsitheachta, sin agus ar bhonn na rochtana inacmhainne agus na hinbhuanaitheachta, agus nár cheart iad a bheith teoranta don bheagán daoine a bhfuil mórán airgid acu. Mar sin féin, sin sprioc ró-uasal nach féidir a chomhlíonadh gan an tacaíocht iomchuí do na monaróirí.

4.6. Maidir le comhordú idir na hinstitiúidí agus cosaint na luachanna daonlathacha, is mian le CESE a chur i bhfios go neamhbhalbh gur rud ríthábhachtach creat rialála ar úsáid na ndrón ionas nach gcuirfear cearta daonlathais na ndaoine i mbaol. Ba cheart cosc a bheith ar rialtais agus ar úinéirí príobháideacha mí-úsáid a bhaint as na dróin d'fhonn cearta an daonlathais a chur faoi chois. Dá bhrí sin, is ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail ba cheart rannpháirtíocht na n-údarás breithiúnach agus na n-údarás neamhspleách a rialáil sa chinnteoireacht faoi úsáid na ndrón.

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([6]) https://www.easa.europa.eu/en/light/topics/flying-drone-how-be-safe-drone-pilot.
([7]) https://transport.ec.europa.eu/system/files/2022-05/Drone_Leaders_Group_Report_2022-04-26.pdf.